Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2010**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 1

## An Pholaitíocht Chomparáideach

**[AQ211]**

AQ211

**DÉ hAOINE 21 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

2 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

**Níl ach Rogha B An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann curtha ar fáil sa leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar**
Freagair na ceisteanna seo a leanas in **Rogha B**: **1**, **2**, **3**, **4** agus ceachtar acu **5(a)** nó **5(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1**, **3**, **4** agus **5**.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach ceist.
Ba chóir duit tuairim is **40 nóiméad** a chaitheamh ag freagairt na ceiste i Rannán A, agus ba chóir duit tagairt a dhéanamh don Fhoinse i do fhreagra.

## Rogha B: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann

### Rannán A: Bunreacht na hÉireann

### Foinse

> Tá údarás bronnta sa bhunreacht ar an Chúirt Uachtarach le forálacha an bhunreachta a léirmhíniú agus le dlíthe an Oireachtais agus gníomhaíochtaí an Rialtais atá, dar léi, míbhunreachtúil a chur ar ceal. Tharla, mar gheall ar athbhreithniú breithiúnach, gur cíoradh agus gur cuireadh leis an chiall measartha ginearálta a bhí le hairteagail áirithe ó bhí 1937 ann. Thogh an chúirt an ceart seo sa chás McGee in aghaidh an Ard-Aighne in 1973 le dlíthe a chuir cosc ar dhíol frithghiniúnach a chur ar ceal. D'eisigh an chúirt fosta léirmhíniú conspóideach ar Airteagal 40.3 a chuireann cosc ar ghinmhilleadh. Sa chás an tArd-Aighne in aghaidh X in 1992, (ar a dtugtar go coitianta 'cás X' go díreach) rialaigh an Chúirt Uachtarach gurbh fhéidir an ginmhilleadh a cheadú faoi thosca áirithe.
>
> *Arna chur in oiriúint ó: www.wikipedia.org/wiki/Constitution_of_Ireland*

**1** Agus tagairt á déanamh agat don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha eile a ndearna tú staidéar air, pléigh cé chomh maith agus a chosain Bunreacht na hÉireann cearta an duine aonair. [30]

### Rannán B: Rialtas sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann

**2** Mínigh ciall an téarma "bróicéireacht". Úsáid sampla ábhartha mar thaca le do fhreagra. [5]

**3** Mínigh an ról atá ag Tráth na gCeisteanna i nDáil Éireann. [10]

**4** Éifeachtacht coistí Parlaiminteacha agus éifeachtacht coistí Dála, cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile iad. [25]

**5** **Ceachtar acu**

**(a)** "Is lú go mór an smacht atá ag rialtas na hÉireann ar an reachtas ná mar atá ag a chontraphháirt Bhriotanach." Luacháil an dearcadh seo. [30]

**Nó**

**(b)** "Is óna gcomrádaithe páirtí féin seachas ó lucht an fhreasúra is mó a bhíonn an baol don Phríomh-Aire Bhriotanach agus don Phríomh-Aire Éireannach araon." Luacháil an dearcadh seo. [30]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.